# An Téacs

## Sraith 3: Obair dhían: torthaí maithe san Ardteistiméireacht

**Pictiúr 1**

Sa chéad phictiúr tá Máire ina suí in oifig an Ghairmthreoraí. Oifig dheas néata ab ea í agus líon mór leabhar agus bileoga i leabhragán le hais an bhalla. Chuaigh sí isteach chuig an Gairmthreoraí chun ceist a chur air faoi na pointí a bheadh ________________ uaithí chun dul ar aghaidh go dtí an ollscoil i nGaillimh le ________________ a dhéanamh ar an gCeimic. Dúirt an Gairmthreoraí leí go gcaithfeadh sí oibriú go dian mar bheadh ceithre chéad pointe ar a laghad ag teastáil uaithí chun go ligfí isteach i nDámh na hEolaíochta in Ollscoil na Gaillimhe í.

**Pictiúr 2**

Ar a bealach abhaile amach as an scoil, ______________ a cara Róisín uirthí agus chuaigh an bheirt acu abhaile le chéile. D'fhiafraigh Róisín di ar mhaith leí dul chuig disco an deireadh seachtaine sin ach dúirt Máire leí nár mhaith mar go raibh brú mór oibre uirthí. Dúirt sí go raibh brón uirthí ach go raibh a lán obair bhaile le déanamh aicí agus go raibh ar intinn aicí é a dhéanamh.
Sa phictiúr seo chomh maith tá eolas faoin scoil. _________________ dhá stór atá ann agus scoil chomhoideachais is ea í. Is é sin, tá idir bhuachaillí agus chailíní ag freastal uirthí. Sa phictiúr seo tá beirt bhuachaillí ag imirt cispheile ar réileán na cispheile os comhair na scoile. Pointe eolais eile faoin scoil ná go bhfuil sain-éide dá cuid féin aici do na cailíní agus do na buachaillí freisin, is dócha: léine, carbhat agus geansaí ar leith agus sciath nó suaitheantas na scoile ar an ngeansaí. Déarfainn go bhfuil mana ar leith ag an scoil chomh maith.

**Pictiúr 3**

Léirítear comhrá _______________ idir buachaill Mháire agus Máire féin anseo. Chuir a buachaill glao gutháin uirthí agus d'fhiafraigh sé dí ar mhaith leí teacht chuig scannán iontach a bhí ar siúl an oíche sin sa Savoy. Bheadh sé ag tosú ar a hocht a chlog. Ba mhaith leis go dtiocfadh sí leis. Bhuel, thug sí an _______________ céanna air siúd is a thug sí ar a cara Róisín. "Tá brón orm," ar sise. "Tá aiste le críochnú agam. Ní bheadh an t-am agam. Gabh mo leithscéal. Caithfidh mé obair bhaile a dhéanamh."

**Pictiúr 4**

Sa phictiúr seo feicimid Máire ina suí ina seomra leapan agus neart leabhar _______ timpeall ar an mbord, páipéirí ar an úrlár cois na leapan agus í ag scríobh léí go dian dícheallach.

**Pictiúr 5**

Le linn do Mháire a bheith ag staidéar ina seomra bhí a máthair agus a hathair thíos staighre sa chistin ag ól cúpán tae agus ag caint fúithí. Bhí an aimsir go deas amuigh. Dúirt an t-athair go raibh sé _____________ fuithí mar go raibhh an iomarca oibre á dheanamh aicí. Theastódh sos uaithí dar leis. Dúirt sé go ndéanfadh aer úr _______________ dí. B'fhearr dí

a bheith amuigh.
Níor aontaigh a bhean leis. Dúirt sí go nglacadh Máire sos ag an deireadh seachtaine mar gur chailín ciallmhar í. "Ar aon nós," a deir an mháthair, "níl ach cúpla mí fágtha go dtí an scrúdú."

**Pictiúr 6**

I bpictiúr uimhir a cúig, is léir go bhfuil _______________ na hÁrdteistimearachta fáighte ag Máire agus tá ceithre chéad caoga pointe fáighte aicí. Tá siad an mhórtasach as sin deir gach éinne. Deir an mháthair go bhfuil sé go hiontach ar fad. Deir a cara go raibh na torthaí sin tuillte go maith aicí mar gur ______________ sí go dian dícheallach ar feadh na míonna deiridh.